www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2016

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

AH111

**[AH111]**

**DÉ HAOINE 10 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Níl ach **rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** agus i gceist **2(b)**.
Is fiosrú stairiúil é an t-aonad measúnaithe seo agus moltar d'iarrthóirí tarraingt as an ábhar chuí uile a ndearna siad staidéar air agus iad ag freagairt ceist **2(b)**.

www.xtrapapers.com

## Rogha 5: An Ghearmáin 1918–1945

Freagair ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Mínigh cad chuige a raibh míshásamh chomh mór sin sa Ghearmáin maidir le Conradh Versailles 1919. [12]

**Nó**

**(b)** Mínigh na dóigheanna ar éirigh le polasaithe eacnamaíocha Schacht agus Göring sa Ghearmáin sa tréimhse 1933–1939. [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Cruthú Dheachtóireacht na Naitsithe, 1933–1934**

**Foinse 1**
Sliocht as óráid le Otto Wels, Cathaoirleach ar an Pháirtí Shóisialach Dhaonlathach (PSD) (*SPD*), don Reichstag, 23 Márta 1933. Tá Wels ag freagairt d'óráid Hitler inar thug sé tacaíocht do rith an Dlí Údaraithe.

> Mar gheall ar an ghéarleanúint atá fulaingthe ag an PSD (*SPD*) ar na mallaibh, ní chuirfeadh sé iontas ar dhuine ar bith go bhfuil muid ag dul a sheasamh in éadan an Dlí Údaraithe. Bhí de thoradh ar olltoghchán 5 Márta 1933 go bhfuil tromlach ag an Pháirtí Naitsíoch agus na páirtithe náisiúnaíocha agus thug sin deis dóibh a bheith ag rialú de réir an bhunreachta. Ach tá dualgas ag dul leis an deis seo idéil an daonlathais agus cearta comhionanna a chosaint do dhaoine eile. Ní féidir sochaí chobhsaí a bhunú tríd an sceimhle. I stair an Reichstag, níor cuireadh cumhacht ionadaithe an phobail a toghadh go daonlathach ar neamhní riamh chomh mór agus atá déanta trí mheán an Dlí Údaraithe nua seo. Tá iarmhairtí a bheas níos contúirtí fos i ndán don chineál seo de rialtas deachtóireachta. Níor chóir imeagla a chur ar lucht freasúra atá buailte mar a bheadh coirpigh iontu. Is féidir saoirse agus beatha a bhaint dínn, ach ní féidir onóir a bhaint dínn. Cuireann muid ár gcuid beannachtaí chucu siúd ar imríodh géarleanúint agus cos ar bholg orthu. Ní thugann aon Dlí Údaraithe an ceart duit deireadh a chur le hidéanna ar nós na saoirse agus an cheartais, idéanna atá doscriosta.

© *Behind Valkyrie: German Resistance to Hilter, Documents by Peter Hoffman. Published by McGill-Queen's University Press (2011) ISBN: 9780773537705*

www.xtrapapers.com

**Foinse 2**
Sliocht as dialann Erich Ebermayer, 25 Márta 1933. Údar Gearmánach drámaí agus úrscéalta 33 bliain d'aois a bhí ann.

> Inné, bhí an lá tábhachtach deiridh ann don Reichstag go ceann tamall mór fada. De ráite na fírinne, níl sé ar an tsaol a thuilleadh. Rith an Reichstag an Dlí Údaraithe le 444 vóta in aghaidh 94. Leis an dlí nua seo, tá an rialtas reatha i ndiaidh cumhacht iomlán a ghabháil. Níl an Reichstag de dhíth ar Hitler anois le dlí de chineál ar bith a rith.

*© The Nazi Germany Sourcebook: An Anthology of Texts by Roderick Stackelberg and Sally A. Winkle. Published by Routledge (2002) ISBN:9780415222143*

**Foinse 3**
Sliocht as Frank McDonough *Hitler and Nazi Germany*, arna fhoilsiú in 1999.

> Ba é an tseift a d'úsáid Hitler le deachtóireacht aonpháirtí a chruthú ná an Dlí Údaraithe. I Márta 1933, iarradh ar bhaill an Reichstag, seachas iad siúd a bhí sa Pháirtí Chumannach, nach raibh cead acu a gcuid suíochán a ghlacadh, iarradh orthu gach cumhacht reachtach a aistriú go Hitler. Ba é an áit a bhfuair daonlathas na Gearmáine bás ná Áras Ceoldrámaíochta Kroll i mBeirlín. Ba iad na Daonlathaigh Shóisialacha amháin a raibh sé de mhisneach acu vótáil i gcoinne an Dlí Údaraithe a scaoil Hitler saor ó gach srian ar a chumhacht ón Reichstag, ón Uachtarán agus ón lucht vótála. Beart suntasach a bhí ann ar an bhealach i dtreo na deachtóireachta. Bhunaigh na Naitsithe "Réabhlóid Dhleathach" le linn 1933. Ar an 30 Meitheamh 1934, tharla Oíche na Sceana Fada.

*© Hitler and Nazi Germany by Frank McDonough. Cambridge University Press (1999) ISBN: 9780521595025*

**(a)** **Déan staidéar ar Fhoinse 1**. Cá húsáidí atá sí mar fhianaise do staraí atá i mbun staidéir ar rith an Dlí Údaraithe i Márta 1933? [13]

**(b)** Na foinsí **uile agus** do chuid eolais féin in úsáid agat, meas arbh é rith an Dlí Údaraithe an toisc ba thábhachtaí i gcruthú dheachtóireacht na Naitsithe idir 30 Eanáir 1933 agus 2 Lúnasa 1934. [35]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.